Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14310/25**

**CLIMA 455**
**ENV 1068**
**ONU 72**
**DEVGEN 185**
**ECOFIN 1384**
**ENER 545**
**MAR 139**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14086/25 |
| Ábhar: | Ullmhúchán don 30ú Comhdháil de na Páirtithe (COP30) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)<br>(Belém, an Bhrasaíl, an 10 go dtí an 21 Samhain 2025)<br>- Conclúidí ón gComhairle - |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4126ú cruinniú dá cuid, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Ullmhúchán don 30ú Comhdháil de na Páirtithe (COP30) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Belém, an Bhrasaíl, an 10 go dtí an 21 Samhain 2025)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

**AN PHRÁINN A BHAINEANN LEIS AN NGNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS DEISEANNA DO DHAOINE AGUS DO GHEILLEAGAIR**

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an méadú leanúnach ar leibhéil na ngás ceaptha teasa (GCT) san atmaisféar, teagmhais bhreathnaithe dar tús mall, lena n-áirítear ardú ar leibhéal na mara agus caillteanas maise oighearshrutha, agus méadú ar dhéine, fad, scála agus minicíocht teagmhas adhaimsire ar fud an domhain, lena n-áirítear tonnta teasa, falscaithe, triomaigh agus tuilte; CUIREANN SÍ IN IÚL gur bagairt eisiach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil, agus nach ndéanann sé aon tír, aon chríoch ná aon réigiún a spáráil.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI comóradh 10 mbliana Chomhaontú Pháras agus a thábhachtaí atá a chreat réamhbhreathnaitheach cuimsitheach chun an fhreagairt dhomhanda is gá a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte an athraithe aeráide agus CUIREANN SÍ IN IÚL, de réir PIAA, gur thit na réamh-mheastacháin maidir leis an teocht domhanda agus go mbeidh siad ag thart ar 2.8 C faoi 2100, bunaithe ar rannchuidithe 2021 arna chinneadh go náisiúnta (RCNanna), i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha.

3. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL IMNÍ DI an bhearna leanúnach idir an uaillmhian agus cur chun feidhme agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur ríthábhachtach í an rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí iltaobhachas láidir éifeachtach, riailbhunaithe chun go n-éireoidh linn aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide ar fud an domhain.

4. ADHMHAÍONN SÍ gurbh í 2024 an bhliain ba theo de réir na dtaifead agus gurbh í an chéad bhliain í ina raibh meán bliantúil an mhéadaithe ar an meánteocht dhromchla dhomhanda 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus gur deacra agus gur casta atá sé na tionchair agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a bhainistiú; CUIREANN SÍ IN IÚL gur mó an seans go dtiocfaidh athruithe tobanna ollmhóra nach féidir dul siar orthu ar an aeráid agus ar chórais an domhain, lena n-áirítear nuair a bhainfear an pointe iompaithe amach, agus go mbeidh tionchair níos mó acu, de réir mar a ardaíonn an teocht domhanda.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé an comhar agus an fhreagairt dhomhanda a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide agus dlús suntasach a chur le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le gur féidir le gach tír, go háirithe na astaírí móra, an téamh domhanda a choinneáil ag 1.5 °C, agus athruithe luathaithe i dtreo forbairt inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, agus nach mór gníomhú go pras sula gcaillfear an deis todhchaí a bhaint amach a inar féidir maireachtáil inti agus a bheidh rathúil, sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe do chách.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá aistriú gasta domhanda chuig geilleagair agus sochaithe atá aeráidneodrach, athléimneach, dúlra-dearfach, ciorclach agus tíosach ar acmhainní. Ní mór an t-aistriú sin a dhéanamh ar luas agus ar scála atá i gcomhréir leis an sprioc an téamh domhanda a choinneáil ag 1.5 °C, agus ní mór dó a bheith cóir agus cuimsitheach, cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar na deiseanna agus na tairbhí iomadúla a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide do dhaoine, don phláinéad, do gheilleagar domhanda inbhuanaithe i dtéarmaí caighdeáin mhaireachtála níos fearr, sláinte, forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, poist nua chuibhiúla a chur ar fáil, slándáil fheabhsaithe uisce, córais bhia inbhuanaithe, agus fuinneamh inacmhainne, chomh maith le hoidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe a chosaint, agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil an costas a bhaineann leis an neamhghníomhaíocht i bhfad níos mó ná an costas a bhaineann le gníomhú tráthúil agus éifeachtach ar son na haeráide.

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar na beartais chomhtháite dícharbónaithe, lena n-áirítear beartais aeráide, chomhshaoil, fuinnimh agus tionsclaíochta, a chuirtear chun feidhme ar bhealach cóir cuimsitheach, mar spreagadh don iomaíochas eacnamaíoch agus don nuálaíocht mhéadaithe ó thaobh praghsanna fuinnimh a ísliú, poist ardcháilíochta a chruthú agus na dálaí cearta a chruthú do chuideachtaí chun go mbeidh rath orthu, agus, ar an gcaoi sin, an bonn á leagan síos do gheilleagar domhanda glan-nialasach a bheidh inbhuanaithe agus rathúil amach anseo. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ionstraimí praghsála carbóin intíre éifeachtacha mar gurb iad i measc na mbealaí is éifeachtúla agus is costéifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú, agus a n-acmhainneacht chun sreafaí airgeadais a atreorú i dtreo gníomhú ar son na haeráide. IARRANN SÍ AR na páirtithe an phraghsáil éifeachtach carbóin intíre a ghlacadh agus a leathnú d'fhonn sciar na n-astaíochtaí domhanda a chumhdaítear leis an bpraghsáil carbóin a leathnú. TÁ SÉ AR INTINN AICI feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha comhpháirtíochta agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí sceite carbóin a d'fhéadfadh a bheith ann.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an eolaíocht is fearr atá ar fáil chun freagraí eolasacha a thabhairt ar an athrú aeráide agus LEAGANN SÍ BÉIM ar thorthaí an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta agus TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA) sa Seachtú Timthriall Measúnaithe; LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá a chuid measúnuithe ó thaobh beartais de maidir le réitigh do ghníomhaíochtaí agus LUANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É na rannchuidithe ó na trí Mheitheal PIAA sa Seachtú Timthriall Measúnaithe a chur i gcrích go cuimsitheach agus go tráthúil in am lena mbreithniú faoin dara hAthbhreithniú Domhanda.

10. IARRANN SÍ ar na Páirtithe faisnéis phoiblí a chur ar fáil maidir le staid an chórais aeráide bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, go háirithe ó PIAA; TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis mhór imní di an méadú atá tagtha ar an mífhaisnéis agus ar an mbréagaisnéis maidir leis an aeráid agus an gá atá le gníomhaíocht agus comhar náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feasacht a mhúscailt agus chun cur i gcoinne na n-insintí sin, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis sin a chomhtháthú i mbeartais oideachais agus oiliúna agus, i ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go ndéanfar sonraí aeráide a bhailiú agus a chomhroinnt go fadtéarmach chun tacú le soláthar faisnéise inghníomhaithe maidir leis an athrú aeráide agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá rochtain ar an bhfaisnéis sin le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsitheacht san aistriú domhanda.

11. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an díobháil fhadtéarmach don aeráid agus don chomhshaol chomh maith leis an bhfulaingt ollmhór dhaonna, arb iad coinbhleachtaí armtha leanúnacha ar fud an domhain is cúis leis, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an-imní uirthi faoin mbaol a thugann siad don ghníomhaíocht éifeachtach dhomhanda ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na trí ghéarchéim phláinéadach, is iad sin an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truailliú. CUIREANN SÍ IN IÚL go mbíonn éifeachtaí tánaisteacha tromchúiseacha ag an gcogaíocht ar fhuinneamh agus ar shlándáil bia, anuas ar an mbonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht dhomhanda, agus nach mór don chomhphobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach agus go cinntitheach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cúis mhór imní di an staid sa Mheánoirthear mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2025.

**MAIDIR LE BELÉM**

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht maidir le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (RCNanna) tar éis 2030 agus iarrann sí ar na Páirtithe uile nár thíolaic a RCNanna go fóill é sin a dhéanamh mar ábhar práinne.

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI na fógraí a rinneadh ag Imeacht Speisialta Ardleibhéil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus TÁ SÍ AG SÚIL le Tuarascáil Sintéise RCN.

14. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart do RCNanna tar éis 2030 an dul chun cinn agus an uaillmhian is airde is féidir a léiriú agus a bheith ailínithe le conairí astaíochtaí lena dteorannaítear an téamh domhanda go 1.5 °C agus leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla, chomh maith le dearbhspriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair a áireamh, lena gcumhdaítear GCTanna, earnálacha agus catagóirí uile agus lena léirítear an chaoi a bhfuil an chéad Athbhreithniú Domhanda á chur chun feidhme ag na Páirtithe. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na RCNanna sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach trí straitéisí, beartais agus gníomhaíochtaí intíre lena n-áirítear pleananna infheistíochta agus ardáin tíre a chuirtear ar fáil chun go mbeidh deiseanna airgeadais agus gnó ann.

15. TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile, go háirithe na hastaírí móra, a thíolaic RCNanna nach bhfuil ailínithe le 1.5 °C, na spriocanna ina RCNanna a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú go pras, agus a straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle GCT (LT-LEDS) a chur in iúl nó a athbhreithniú i dtreo aistriú cóir chuig astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050, agus imthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le spás polaitiúil tiomnaithe agus le toradh caibidlithe ag COP30 lena n-aithnítear torthaí Thuarascáil Sintéise RCN UNFCCC agus lena dtugtar aghaidh ar leibhéal comhchoiteann na huaillmhéine agus an chur chun feidhme, lena n-áirítear trí mholtaí soiléire inghníomhaithe a chur ar fáil chun gur féidir Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin CUIREANN SÍ I dTREIS AN ATHUAIR nach féidir ach le freagairt dhomhanda chomhchoiteann sprioc 1.5 °C a bhaint amach.

17. IARRANN SÍ go ndéanfaí breithniú bliantúil ar Thuarascálacha Sintéise RCNanna UNFCCC lena n-áirítear teachtaireachtaí maidir le conas RCNanna agus a gcur chun feidhme a neartú, lena n-áirítear maidir lena n-ailíniú le 1.5 °C agus leis na hiarrachtaí domhanda maolaithe a comhaontaíodh sa chéad Athbhreithniú Domhanda.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an Clár Oibre um Maolú maidir le huaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a mhéadú go práinneach le linn na 10 mbliana ríthábhachtacha seo ar bhealach lena gcomhlánófar an t-athbhreithniú domhanda; IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile gealltanas a thabhairt agus obair a dhéanamh le chéile chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, éifeachtacht, cuimsitheacht réigiúnach agus shóisialta an Chláir Oibre um Maolú agus a Idirphlé Domhanda, chun a shainordú a chomhlíonadh.

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá gach gné den chéad Athbhreithniú Domhanda a chur chun feidhme go comhpháirteach, agus a chinntiú go ndéantar a thorthaí a oibríochtú ar fud na sruthanna oibre ábhartha uile agus na gcomhlachtaí comhdhéanta uile faoi Chomhaontú Pháras agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir maidir le módúlachtaí Idirphlé Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha chun a áirithiú go gcuirfear an chéad Athbhreithniú Domhanda chun feidhme ina iomláine.

20. IARRANN SÍ AN ATHUAIR go n-aistreofaí ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, i gcomhréir le conairí 1.5 °C, agus dlús á chur le gníomhaíocht sna 10 mbliana ríthábhachtacha atá romhainn, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí i gcomhréir leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil; IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile, go háirithe na hastaírí móra, a rannchuidiú leis an nglao a dhéanamh.

21. TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile a iarraidh go ndéanfaí acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain agus meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór na spriocanna sin a bheith fite fuaite le coigilteas fuinnimh agus deireadh á chur de réir a chéile le táirgeadh agus tomhaltas fuinnimh breosla iontaise ar fud an domhain, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a dhéanann gníomhaireachtaí, IEA agus IRENA ina measc, chun anailís a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo an ghlao agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuireadh 582 GW d'acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite leis ar fud an domhain in 2024. LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas, i gcomhthéacs chur chun feidhme na n-iarrachtaí domhanda uile a bhaineann le fuinneamh agus a comhaontaíodh mar chuid de chomhthoil Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar bhealach arna chinneadh go náisiúnta, agus meascán fuinnimh gach tíre á urramú ag an am céanna: gur iarradh ar na Páirtithe rannchuidiú leis na hiarrachtaí domhanda chun dlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle i gcomhréir le mír 28 den athbhreithniú domhanda. Ina theannta sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dlús a chur le dícharbónú an tionscail agus gaibhniú astaíochtaí a sheachaint in earnálacha tionscail ar deacair iad a laghdú agus IS DÍOL SÁSAIMH DI dul chun cinn na dtionscnamh idirnáisiúnta sa réimse sin.

22. IARRANN SÍ go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais le haghaidh breoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh ná ar an aistriú cóir a luaithe is féidir.

23. CUIREANN SÍ IN IÚL gur gá deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise neamhlaghdaithe agus buaicphointe a dtomhaltas agus laghdú ar a dtomhaltas a bheith bainte amach cheana, le linn na 10 mbliana seo chun an maolú agus an t-aistriú is gá a dhéanamh mar atá léirithe ag PIAA i dtreo geilleagar atá aeráidneodrach i gcomhréir leis an sprioc 1.5 °C a choinneáil slán.

24. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé don earnáil fuinnimh a bheith saor, den chuid is mó, ó bhreoslaí iontaise i bhfad roimh 2050 agus a thábhachtaí atá sé córas cumhachta domhanda atá dícharbónaithe go hiomlán nó den chuid is mó a bhaint amach sna 2030idí, ina mbeidh cumhacht nua ghuail fágtha ar lár, ós rud é go bhfuil bearta costéifeachtacha astaíochtaí nialasacha ar fáil go forleathan san earnáil sin cheana féin, lena soláthraítear tairbhí iomadúla, *inter alia*, don fhorbairt inbhuanaithe, do shláinte an duine agus do cháilíocht an aeir, do chruthú post agus don tslándáil fuinnimh.

25. Thairis sin, CUIREANN SÍ IN IÚL gur ar mionscála amháin is ann do theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí nach ndéanann dochar suntasach don chomhshaol, agus gur ceart iad a úsáid go príomha chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha inar deacair laghduithe a dhéanamh agus gur chun rannchuidiú le hastaíochtaí diúltacha domhanda is ceart teicneolaíochtaí bainte a úsáid agus CUIREANN SÍ IN IÚL nár cheart iad a úsáid chun moill a chur ar ghníomhú ar son na haeráide in earnálacha ina bhfuil roghanna malartacha maolúcháin ar fáil atá indéanta éifeachtach costéifeachtúil, go háirithe sna 10 mbliana ríthábhachtacha seo. Ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta maidir leis na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt agus an ról a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo maidir le hastaíochtaí a laghdú in earnálacha ina bhfuil sé deacair carbón a laghdú, chun dlús a chur leis an dícharbónú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé an dúlra a chaomhnú, a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear éiceachórais mhuirí, sléibhe, fionnuisce, chósta agus talún, chun an sprioc teochta 1.5 °C a bhaint amach.

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tiomantas leanúnach atá ann chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a stopadh agus a aisiompú faoi 2030 mar a léiríodh sa toradh ón gcéad Athbhreithniú Domhanda, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar iarrachtaí domhanda oibriú i dtreo cosaint agus athbhunú foraoisí, bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, bithgheilleagar ciorclach agus inbhuanaithe, chomh maith le córais bhia inbhuanaithe agus talmhaíocht aeráid-díonach agus, i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ IN IÚL go bhféadfaí tairbhí aeráide agus comhshaoil gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chur ar fáil faoi chuimsiú an mhaolaithe agus an oiriúnaithe araon trí bhíthin na n-iarrachtaí sin.

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI na chéad tuarascálacha trédhearcachta débhliantúla, na tuarascálacha náisiúnta fardail a tíolacadh go dtí seo chomh maith leis an gcéad Tuarascáil Sintéise maidir le tuarascálacha trédhearcachta débhliantúla UNFCCC. IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile nach ndearna amhlaidh go fóill a dtuarascálacha trédhearcachta débhliantúla a thíolacadh a luaithe is féidir, agus tugann sí dá haire go bhféadfaidh na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha tuarascálacha a chur isteach dá rogha féin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí a bheidh cuntasacht i leith gníomhaíochta agus tacaíochta araon, a eascraíonn as an gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe, chun muinín fhrithpháirteach a chothú agus a choinneáil, de réir mar a chuirfidh na Páirtithe uile a ngealltanais faoi seach chun feidhme. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le spás polaitiúil tiomnaithe agus le toradh caibidlithe ag COPanna chun breithniú a dhéanamh ar na Tuarascálacha Sintéise atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le tuarascálacha trédhearcachta débhliantúla UNFCCC d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhchoiteann atá déanta ag na Páirtithe uile i gComhaontú Pháras, ar dhea-fheidhmiú an Chreata Trédhearcachta Feabhsaithe, agus chun eolas a dhéanamh don chéad Athbhreithniú Domhanda eile agus do na hAthbhreithnithe Domhanda a dhéanfar ina dhiaidh sin.

29. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an Clár Oibre um Aistriú Cóir le haghaidh gníomhaíocht mhaolaithe luathaithe atá ailínithe le 1.5 °C agus le haghaidh gníomhaíocht oiriúnaithe fheabhsaithe atá cóir agus cuimsitheach agus; IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile oibriú i dtreo conairí aistrithe córa atá laistigh de na teorainneacha pláinéadacha, duinelárnach, nach bhfágann aon duine ar lár, agus a chuireann feabhas ar an acmhainneacht chun aistriú cóir a chur chun feidhme ar bhonn intíre.

30. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tacaíocht an Aontais do chur chun feidhme Chreat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le hAthléimneacht Dhomhanda in aghaidh an Athraithe Aeráide, chun an acmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, an athléimneacht a neartú agus an leochaileacht a laghdú; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú ag COP30 maidir le clár oibre Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha–Belém i ndáil le táscairí chun an dul chun cinn i dtreo na Sprice Domhanda maidir le hOiriúnú a thomhas chun pleanáil agus cur chun feidhme an oiriúnaithe a neartú ar gach leibhéal agus bonn eolais a chur faoin dara Athbhreithniú Domhanda.

31. MEASANN SÍ GO bhFUIL GÁ le cur chuige cuimsitheach, uile-shochaí, uile-rialtais, ar fud an gheilleagair chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht oiriúnúcháin i ngach earnáil. IARRANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí maidir le hoiriúnú chun bheith níos cliste, níos tapúla agus níos sistéamaí ionas gur féidir cur chuige réamhbhreathnaitheach, trasearnálach agus eolaíochtbhunaithe a áirithiú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann tairbhí leis an bpleanáil aeráide agus forbraíochta a nascadh agus go gcuireann sé feabhas ar dheiseanna infheistíochta inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ do na Páirtithe a bpleananna agus a straitéisí oiriúnaithe náisiúnta a chur ar aghaidh, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, ar pleananna agus straitéisí iad atá i gcomhréir le RCNanna agus le tosaíochtaí agus straitéisí forbartha náisiúnta agus atá leabaithe i straitéisí infheistíochta náisiúnta.

32. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas leanúnach an Aontais tacú le tíortha comhpháirtíochta, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí oiriúnaitheacha, lena n-áirítear trí mhaoiniú a sholáthar agus a fháil ó gach foinse le haghaidh oiriúnú. TUGANN SÍ DÁ HAIRE, i ndáil leis an méid sin, gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit na ranníocóirí is mó le maoiniú poiblí idirnáisiúnta aeráide le haghaidh oiriúnú, agus gur chuir siad go mór leis an tacaíocht thar na blianta, lena n-áirítear i gcomhthéacs ghlao Ghlaschú maoiniú le haghaidh oiriúnú a dhúbailt faoi 2025, agus gur comhpháirtí iontaofa iad i gcur chun feidhme an oiriúnaithe i dtíortha i mbéal forbartha; go dtugann siad tacaíocht lena gcumhdaítear raon leathan beartas a bhaineann le hoiriúnú faoi chuimsiú bainistiú riosca tubaistí agus forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear freagairt ar fhothú acmhainneachta agus ar riachtanais teicneolaíochta. IARRANN SÍ ar gach soláthraí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir leis an maoiniú oiriúnúcháin déanamh amhlaidh.

33. MEASANN SÍ go bhfuil infheistíocht san oiriúnú ríthábhachtach chun conairí forbraíochta atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a thógáil a mbeidh tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha ag baint leo, agus MOLANN SÍ GO MÓR don earnáil phríobháideach a ról a neartú maidir leis an maoiniú a uas-scálú go suntasach i dtreo na gníomhaíochta oiriúnúcháin.

34. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-ardú teochta domhanda a theorannú go 1.5 °C agus oiriúnú agus neartú na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu: agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais oibriú i gcomhar leis na Páirtithe uile agus le páirtithe leasmhara nach Páirtithe sa Chreat-Choinbhinsiún iad de réir mar is infheidhme chun tacaíocht agus comhar a fheabhsú chun freagairt ar chaillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide ar fud an domhain ar bhealach comhleanúnach, comhlántach agus comhordaithe le socruithe cistiúcháin nua agus cinn atá ann cheana ina measc an Ciste um Fhreagairt ar Chaillteanas agus Damáiste agus trí obair Shásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste a bhaineann le Tionchair an Athraithe Aeráide, agus a Choiste Feidhmiúcháin agus Líonra Santiago.

35. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta sa Chiste um Fhreagairt ar Chaillteanas agus Damáiste go dtí seo agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais an ciste a chur i ngníomh go hiomlán, agus Líonra Santiago chun caillteanas agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu chun tacaíocht airgeadais agus theicniúil a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide; MOLANN SÍ go mbeadh dlúthchomhar agus comhordú ann idir Líonra Santiago agus an Ciste chun Freagairt ar Chaillteanas agus Damáiste.

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cinneadh ón Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann maidir le maoiniú don aeráid, agus MEABHRAÍTEAR DI i ndáil leis sin na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid mar a glacadh iad an 10 Deireadh Fómhair. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ go bhfuil maoiniú poiblí idirnáisiúnta don aeráid, lena n-áirítear maoiniú a bhfuil gné mhór lamháltais ag baint leis, ríthábhachtach i gcónaí chun tacú le tíortha agus pobail leochaileacha, go háirithe iad siúd ag a bhfuil acmhainneacht oiriúnaitheach theoranta agus ar a bhfuil tionchar díréireach ag an athrú aeráide, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus sna stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha.

37. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le gníomhaíochtaí agus bearta a shainaithint lena rannchuideofar le maoiniú USD 1.3 trilliún a chur ar fáil faoi 2035, go háirithe d'fhonn maoiniú príobháideach breise a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha, agus TÁ SÍ AG SÚIL le Treochlár Baku go Belém ina léirítear an géarghá le leas a bhaint as i bhfad níos mó caipiteal príobháideach don ghníomhú ar son na haeráide agus an acmhainneacht chlaochlaitheach a bhaineann leis sin, agus an ról atá aige maidir le dlús a chur leis na hinfheistíochtaí is gá in aistriú glas na ngeilleagar uile. IARRANN SÍ go ndéanfaí na gníomhaíochtaí agus na bearta sin chun foinsí nua maoinithe a chur ar fáil le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide, chun slógadh acmhainní intíre a éascú agus chun deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar mhaoiniú don aeráid, agus acmhainneachtaí náisiúnta éagsúla ionsúcháin agus cur chun feidhme á gcur san áireamh ag an am céanna.

38. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé, ionas go ndéanfar an maoiniú don aeráid a uas-scálú, leanúint de shreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an gconair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus na forbartha aeráid-díonaí, agus leanúint d'athchóiriú an ollstruchtúir airgeadais i ngach tír agus go hidirnáisiúnta. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe uile – lena n-áirítear rialtais láir agus rialtais áitiúla, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha náisiúnta, eagraíochtaí daonchairdis, infheisteoirí príobháideacha agus institiúideacha – oibriú go comhpháirteach chun an sprioc sin a bhaint amach, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh i gcomhthéacs Idirphlé Sharm el-Sheikh, lenar doimhníodh an tuiscint ar Airteagal 2.1(c) agus ar an ngaol atá aige sin le hAirteagal 9 de Chomhaontú Pháras agus TÁ SÍ AG SÚIL leis go n-aithneoidh na Páirtithe an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar a phríomhghnéithe, agus go ndéanfaidh siad cinneadh maidir le bealach suntasach chun cinn i dtaca le hAirteagal 2.1(c), ag CMA7.

39. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhféadfadh éifeachtaí trasteorann a bheith ag tionchair a eascraíonn as cur chun feidhme beart aeráide intíre i gcásanna áirithe. Tá sí TIOMANTA i gcónaí taithí maidir le dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chomhroinnt chun tionchair dhearfacha na mbeart sin a uasmhéadú trí chomhar iltaobhach.

40. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá fothú acmhainneachta chun dlús a chur le cur chun feidhme an aistrithe chuig conairí forbartha íseal-astaíochta agus aeráid-díonacha, agus TACAÍONN SÍ le gníomhaíocht faoi stiúir áitiúil chun torthaí córa, éifeachtacha agus inbhuanaithe a bhaint amach.

41. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht chomhoibríoch a neartú maidir le forbairt agus aistriú teicneolaíochta mar bhealach chun ár gcuspóirí coiteanna a bhaint amach agus TACAÍONN SÍ le neartú chomhlachtaí reatha an tSásra Teicneolaíochta faoi UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras i ndáil leis an gclár cur chun feidhme teicneolaíochta.

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tugadh an chaibidlíocht shubstainteach maidir le hAirteagal 6 de Chomhaontú Pháras chun críche agus MEABHRAÍTEAR DI acmhainneacht Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras maidir le huaillmhian dhomhanda bhreise a éascú chun an bhearna a dhúnadh i dtreo an téamh domhanda a theorannú, ar choinníoll go n-áiritheofar na caighdeáin is airde trédhearcachta, sláine comhshaoil, lena n-áirítear coimircí sóisialta agus comhshaoil, forbairt inbhuanaithe agus urraim do chearta an duine.

43. AITHNÍONN SÍ gurb iad na mná agus na cailíní is mó a bhraitheann éifeachtaí an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, chomh maith le grúpaí leochaileacha sa tsochaí is lú a chuireann leis an athrú aeráide, agus atá i staideanna leochaileacha nó imeallaithe, mar gheall ar neamhionannais atá ann cheana, agus cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe.

44. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé Plean Gníomhaíochta nua neartaithe maidir le hInscne a chur i gcrích ó COP30 ar aghaidh, agus TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ go leanfaí den obair maidir le príomhshruthú inscne i rannpháirtíocht leis na Páirtithe uile i bpróiseas UNFCCC agus chun comhionannas inscne, teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag mná agus cailíní a chur chun cinn, agus a gcumhachtú ar fud an domhain, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach chun gníomhú ar son na haeráide go héifeachtach, chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus chun athléimneacht dhomhanda a neartú.

45. TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile rannpháirtíocht chomhionann, iomlán, éifeachtach agus fhóinteach na mban agus na hóige a chur chun feidhme, ina n-éagsúlacht uile agus i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, de réir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024[1], agus sa ghníomhú ar son na haeráide trí fhothú acmhainneachta, pleanáil, cinnteoireacht, cur chun feidhme, faireachán agus tuairisciú, agus MEABHRAÍTEAR DI a tiomantas déanamh amhlaidh.

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS NAISC LE PRÓISIS EILE A FHEABHSÚ

46. CUIREANN SÍ IN IÚL, agus gníomhaíocht á déanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, nach mór do na Páirtithe uile a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chosaint, a urramú, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ceart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe mar a aithníonn Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus mar a dhearbhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta mar réamhchoinníoll, gné dhílis agus bhunriachtanach chun cearta eile an duine a theachtadh, cearta na bPobal Dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, cearta imirceach, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, pobail áitiúla agus daoine i staideanna leochaileacha, chomh maith le comhionannas inscne, teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag mná agus cailíní, agus a gcumhachtú agus a gcothromas idirghlúine.

47. IARRANN SÍ ar Uachtaránachtaí COP agus ar rúnaíocht UNFCCC eagrú rianúil agus rannpháirtíocht inacmhainne na bPáirtithe uile sa Chreat-Choinbhinsiún agus na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú chun cuimsitheacht agus dlisteanacht COPanna a chosaint. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar éifeachtúlacht phróiseas UNFCCC d’fhonn cur chun feidhme, uaillmhian agus comhar idirnáisiúnta a éascú agus a spreagadh, agus ag an am céanna ardán a chur ar fáil do na gníomhaithe uile chun páirt a ghlacadh ann. I ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh chun trédhearcacht agus tionchar a mhéadú, lena n-áirítear trí chláir oibre a bhainistiú, trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar chruinnithe, agus trí eagrú atá comhréireach agus comhsheasmhach le cuspóirí an phróisis a bhaint amach.

---

**1** De réir Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024). Cuireadh síneadh leis an bplean gníomhaíochta go dtí 2027.

48. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról ceannaireachta na bpáirtithe leasmhara nach Páirtithe sa Chreat-Choinbhinsiún iad, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus gníomhaithe gnó, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá comhar feabhsaithe le rialtais agus pobail áitiúla agus réigiúnacha chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide atá cóir go sóisialta agus chun í a leathnú, lena n-áirítear laistigh de phróiseas UNFCCC. MOLANN SÍ a rannpháirtíocht leanúnach i gcur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras agus an tAthbhreithniú Domhanda, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide agus trí ghealltanais thrédhearcacha lena gceadaítear cuntasacht, le tacaíocht ó phleananna gníomhaíochta atá bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil.

49. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil Uachtaránacht COP30 ag díriú ar an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide agus go bhfuil dlús á chur le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus leis an gcéad Athbhreithniú Domhanda.

50. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá rannpháirtíocht agus comhpháirteachas fóinteach an phobail agus a rochtain ar fhaisnéis, lena n-áirítear don tsochaí shibhialta, do leanaí agus don óige agus do na páirtithe leasmhara uile chun an ceartas sóisialta, an chothroime, an chuimsitheacht agus an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn san aistriú domhanda i dtreo pláinéad aeráidneodrach athléimneach.

51. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an t-idirnasc idir aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

52. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuairim Chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide agus go háirithe na gnéithe sin den tuairim lena ndeimhnítear tromchúis na mbagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide; oibleagáidí na Stát uile comhoibriú chun freagairt don bhagairt sin, agus gníomhaíocht a dhéanamh, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, trína ndícheall a dhéanamh chun athrú aeráide contúirteach a chosc; chomh maith leis an ról lárnach a bhí ag Comhaontú Pháras maidir le sraith shoiléir spriocanna agus fóram *bona fide* a chur ar fáil don chomhar sin.

53. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na géarchéimeanna a bhaineann leis an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, truailliú, díghrádú talún, díghrádú uisce agus na n-aigéan idirspleách agus go dtreisíonn siad a chéile; DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil ról bunúsach ag bearta mar atá bainistiú inbhuanaithe talún, aigéin agus uisce, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe, agus an timthriall domhanda uisce a chosaint agus a athbhunú, agus éiceachórais shláintiúla atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de sa ghníomhú foriomlán ar son na haeráide agus CUIREANN SÍ IN IÚL nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ach amháin trí chur chuige comhleanúnach lena gcuimsítear straitéisí a théann chun tairbhe don dá thaobh agus, i ndáil leis sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról agus ar na sineirgí bunúsacha le heagraíochtaí agus próisis idirnáisiúnta eile agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile sa Chreat-Choinbhinsiún agus ar na páirtithe leasmhara ábhartha cur chuige níos comhtháite a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thriarach phláinéadach, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áiritheofar cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, agus neodracht ó thaobh díghrádú talún domhanda a bhaint amach. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag na haigéin maidir le fuinneamh, sonraí agus acmhainní straitéiseacha chomh maith le haeráid an Domhain a rialáil, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Gealltanais Nice don Aigéan, lena n-áirítear an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan.